# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 13:**
# *Féileacáin agus Boilb*




*Butterflies*, c. 1973, Péintéireacht, Robert Matthews, Gailearaí Ealaíne Crawford

**Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Chruthaigh Robert Matthews an phéintéireacht gheal seo d'fhéileacáin agus boilb trí úsáid a bhaint as olaphéint. Tá go leor speiceas difriúil (cineálacha) féileacán le feiceáil sa phéintéireacht seo. Tá a ainm sínithe ag an ealaíontóir (RM) ag an mbun ar thaobh na láimhe deise den phéintéireacht ach tá sé cosúil le bolb eile.

**Caith súil ghéar ar an bpéintéireacht**


Cé mhéad féileacán a fheiceann tú?

An bhfuil aon dhá fhéileacán mar an gcéanna?

An cuimhin leat aon cheann de na féileacáin seo a fheiceáil taobh amuigh?

Cé mhéad bolb is féidir leat a chomhaireamh san fhéar ag bun na péintéireachta?

An raibh a fhios agat gur féileacán a bhíonn sa bholb i ndeireadh na dála!?




**Ligimis Orainn: An féidir leat léargas a thabhairt ar shaolré féileacáin?**

Tosaigh mar ubh a bhfuil cuma liathróide uirthi, agus fan socair.

Ansin, lig ort gur bolb thú atá ag lámhachán ar do bholg. Bíodh do lámha taobh leat agus bí ag sleamhnú thart ar an urlár. Lig ort go bhfuil roinnt duilleog á gcogaint agat.

Ansin, lig ort go bhfuil tú i gcocún. D'fhéadfá blaincéad a chur os do chionn ionas go mbeidh tú níos cosúla le cocún. Seas go socair agus ansin tosaigh ag lúbarnaíl.

Ar deireadh, bris amach as an gcocún agus eitilt thart cosúil le féileacán mór álainn ildaite.

## Inis Scéal!

Bhí Bríd an Bolb brónach. Ba bhreá léi dá mbeadh sí cosúil le féileacán ionas go bhféadfadh sí eitilt go hard sa spéir. Chuaigh Bríd isteach faoi chrann áit ar casadh Bean Bóín Dé uirthi. Thug Bean Bóín Dé faoi deara go raibh cuma bhrónach ar Bhríd agus dúirt sí an méid seo a leanas...

(Lean ar aghaidh leis an scéal agus tarraing pictiúr más mian leat)

## Cuardach Focal Feithidí: An féidir leat ainmneacha na bhfeithidí a oibriú amach?


| | |
|---|---|
| beach | féileacán |
| seilide | leamhan |
| foiche | bolb |
| bóín dé | ciaróg |
| damhán alla | seangán |


## Tóraíocht Taisce Dúlra

Tarraing an tábla seo sa bhaile (nó d'fhéadfadh duine fásta gabháil scáileáin a ghlacadh ar fhón póca agus d'fhéadfaí na ticeanna a tharraingt ar an bpictiúr ar an bhfón). Taobh amuigh sa ghairdín (nó sa pháirc nó faoin tuath), déan iarracht gach rud ar an liosta a aimsiú agus cuir tic le gach rud

nuair a bhíonn sé déanta agat. Seans go mbeidh sé níos éasca rudaí áirithe a fháil ná rudaí eile, ach lean ar aghaidh leis an gcuardach!

**Déanaimis: Bolb Ciorclach!**






**Conas Bolb Ciorclach a dhéanamh:**

Gearr amach ciorcail, den mhéid céanna, as páipéar daite nó plaisteach ildaite nó pacáistíocht páipéir. D'fhéadfá claibín nó crúsca ciorclach a úsáid chun cabhrú leat ciorcal deas néata a tharraingt.

Eagraigh na ciorcail ionas go bhfuil siad leagtha os cionn a chéile sa phictiúr agus greamaigh iad ar chúlra de do rogha féin trí ghliú a úsáid nó an gliú simplí san oideas thíos.

Gearr amach dhá chiorcal do na súile agus tarraing béal agus poncanna sna súile.

Gearr amach stiallacha de chárta nó de phacáistíocht agus lúb an deireadh chun cosa agus aintéiní (braiteoga) a chruthú agus greamaigh iad seo den phictiúr chun do bholb a chríochnú.




**Conas gliú simplí a dhéanamh sa bhaile:**
Measc miosúr plúir amháin le miosúr uisce amháin (e.g. 1 chupán plúir agus 1 chupán uisce, nó 1/2 chupán plúir agus 1/2 chupán uisce) go dtí go mbíonn an meascán cosúil le gliú tiubh.

Cuir tuilleadh uisce leis má bhíonn sé róthiubh.

Measc go maith le spúnóg chun fáil réidh leis na cnapanna ar fad.

Cuir 2 thaespúnóg salainn leis ag an deireadh ionas nach mbeidh caonach liath le feiceáil agat amach anseo.

Anois, tá tú réidh chun do ghliú a úsáid chun bolb a dhéanamh nó rud éigin eile!

**Freagraí - Dírigh ar na Difríochtaí (Seachtain 12):**
Ar éirigh leat gach rud a aimsiú?



Freagraí - Dírigh ar na difríochtaí

---

Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil a fheiceáil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife** a úsáid.